Taisteal

Glacadh na grianghraif seo ar fad go mall i dtríochaidí an fhichiú haois i gContae Dhún na nGall.

Cad é an difear idir na cineálacha seo taistil agus na cineálacha atá againn sa lá atá inniu ann?

Cad iad na príomhdhifríochtaí idir na carranna seo agus na carranna atá ar na bóithre sa lá atá inniu ann?

Amharc go cúramach ar an fhear ar an ghluaisrothar. An bhfuil sé gléasta le taisteal ar na bóithre atá againn sa lá atá inniu ann? Cad é an difear a bheadh idir a ghluaisrothar siúd agus gluaisrothair an lae inniu?

Cá háit a bhfuil na páistí seo ag dul ar an asal, do bharúil?

Cad chuige a bhfuil bascaeid ar dhá thaobh an asail?

An síleann tú gur mhodh taistil compordach a bhí ann?

Cad é atá an gasúr chun tosaigh a dhéanamh?

An bhfuil mórán asal i nDún na nGall inniu? Cad chuige sin, do bharúil?

Iompar

Seirbhís Cartlainne Chontae Dhún na nGall
Donegal County Archives Service

Leanúnachas agus Athrú le hImeacht Ama
Topaic: Iompar

Leathanach Oibre 5

AMLÍNE

- **1834** Tagann iarnróid go hÉirinn
- **1863** Osclaíonn an chéad iarnród i nDún na nGall
- **1885** ceapadh an chéad charr artola
- **1959** Druideann iarnród Dhún na nGall go deo

An raibh a fhios agat ?

CARRANNA

Ceapadh an chéad charr artola i 1885. Ag tús an 20ú haois thosaigh carranna ag teacht go hÉirinn. B'éigean gach carr a chlárú leis an Chomhairle Contae agus i 1903 bhí 6 charr cláraithe i nDún na nGall.

TRAENACHA

Bhí iarnród leathan i nDún na nGall lá den saol, a shín ó Charn Domhnach go hAilt an Chorráin ar dhá thaobh an chontae, agus ón Srath Bán go dtí na Cealla Beaga agus Bun Dobhráin.
Osclaíodh an chéad iarnród, ar le Comhlacht Iarnróid Ghleannán na Finne é, i 1863 idir an Srath Bán agus Srath an Urláir. D'oscail Comhlacht Iarnróid Iarthar Dhún na nGall an dara líne i 1882, a lean an turas ó Shrath an Urláir go Baile Dhún na nGall. Tháinig an dá chomhlacht bheaga seo le chéile mar Chomhlacht Iarnróid Chontae Dhún na nGall i 1893 agus d'oscail siad trí líne bhreise, ó Bhaile Dhún na nGall go dtí na Cealla Beaga i 1893, ó Shrath an Urláir go dtí na Gleannta i 1895 agus ó Shrath an Urláir go Leitir Ceanainn i 1909. San iomlán bhí breis agus 124 mhíle d'iarnród ann, sé chineál inneall gaile agus breis agus 200 duine fostaithe.
Bhí iarnróid ag comhlacht eile i nDún na nGall chomh maith, mar a bhí, Londonderry and Lough Swilly. D'oscail an comhlacht a chéad líne i 1863 ó Chathair Dhoire go Bun Cranncha. I 1883 d'oscail siad iarnród eile go Leitir Ceanainn, agus rinneadh an líne i mBun Cranncha a shíneadh go Carn Domhnach i 1901 agus líne úr go hAilt an Chorráin i 1903.

Bhí an t-iarnród an-tábhachtach i saol an chontae. Chan amháin gur úsáideadh é le taisteal a dhéanamh, ach úsáideadh é le stoc a iompar, éisc a bhailiú ó na báid ar na Cealla Beaga, agus earraí grósaera saora, gual agus ola a thabhairt go Dún na nGall.
Mar gheall ar na costais mhóra a bhain le reáchtáil na dtraenacha, agus mar gheall ar iomaíocht ó thrácht bhóthair, druideadh na línte ceann i ndiaidh an chinn eile, agus druideadh an t-iarnród deireanach i nDún na nGall i 1959.

I DO PHACÁISTE GHEOBHAIDH TÚ::

1. Clárleabhar mótarchánach ó 1909-1910
2. Grianghraif d'iompar bóthair, 1930aidí
3. Clár ama Iarnróid
4. Grianghraf d'inneall traenach, 1951
5. Póstaer d'Iarnród Chontae Dhún na nGall, 1928

Amharc ar an Fhianaise

Leathanach Oibre 5

1. **Clárleabhar Mótarchánach 1909-1910**
   Cá mhéad carr atá cláraithe le ligint ar cíos nó fá choinne chúiseanna trádála?
   Tabhair trí chúis le go mbeadh siad ligthe ar cíos
   Cá mhéad bantiománaithe a bhí cláraithe i 1909-1910?

2. **Grianghraif d'Iompar Bóthair**
   Críochnaigh na ceachtanna ar an leathanach

3. **Clár Ama an Iarnróid**
   Ar léarscáil de Dhún na nGall marcáil turas na traenach ón Srath Bán – Leitir Ceanainn / Srath an Urláir – na Gleannta / Dún na nGall – na Cealla Beaga.
   Cá fhad a ghlac sé taisteal ó Bhaile Dhún na nGall go Dún Cionnaola?
   An síleann tú go nglacann an turas sin níos mó ama nó níos lú ama i gcarr inniu?
   Dá mba mhaith leat taisteal ó na Cealla Beaga go Doire cá mhéad uair a bheadh ort aistriú go traein eile? Cá fhad a ghlacfadh an turas?
   Cá mhéad uair a stadann an traein idir Leitir Ceanainn agus An Srath Bán?
   Amharc ar an bhealach ar an léarscáil de Dhún na nGall, an nglacann an traein an bealach is gaiste chun an tSratha Báin?
   Cad chuige a stadann an traein i gcuid mhór bailte?
   An síleann tú go raibh cúrsaí taistil níos gaiste san am sin?
   Cad chuige a dtéadh daoine ar an traein seachas ar an bhóthar?

4. **Grianghraf de Thraein**
   Amharc go cúramach ar an ghrianghraf.
   Cén cineál traenach atá sa phictiúr seo?
   Tá simléar beag dubh ar bharr an innill, cén úsáid a baineadh as?

5. **Póstaer d'Iarnróid Chontae Dhún na nGall – Féach an contae álainn s'againne ar dtús.**
   Cad é na himeachtaí a dtig leat a bheith páirteach iontu ar na Cealla Beaga?
   Cad iad na háiseanna a dtig leat teacht orthu ó stáisiún na nGleanntach?
   Cad chuige, do bharúil, a dtugadh daoine a gcuid rothar leo ar an traein?
   Déan póstaer iarnróid do do cheantar féin inniu. Cad iad na bailte ar chóir do na traenacha stad iontu, agus cad iad na háiseanna atá ann do chuairteoirí?

SCRÚDAIGH...

Cuir ceist ar do sheantuismitheoirí an cuimhin leo an t-iarnród i nDún na nGall.

Faigh amach cén áit a raibh an stáisiún ba chóngaraí duitse agus cé acu tá sé ann go fóill nó nach bhfuil.